

Uasdátú ón Aonad um Oideachas Gaeltachta

An t-ochtú cruinniú den Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta

Ionad: Scoil Chuimsitheach, An Cheathrú Rua Dáta an chruinnithe: An Mháirt, 4 Meitheamh 2019

1. Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta:

Tá gach iar-bhunscoil sa Ghaeltacht páirteach anois sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*. Roghnaigh an t-aon iar-bhunscoil amháin nach raibh sa *Scéim* dul isteach sa *Scéim* i mí Aibreáin 2019 agus tá an scoil i mbun plean gníomhaíochta a fhorbairt a bheidh á athbhreithniú ag an AOG i mí an Mheithimh 2019.

Roghnaigh 27 mbunscoil gan páirt a ghlacadh sa *Scéim* go dtí seo. Tá trí cinn de na scoileanna lonnaithe ar imeall na Gaeltachta i gcontaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Dhún na nGall, agus tá ceann amháin de na scoileanna lonnaithe i gContae na Mí.

2. Cuirteanna Comhairleacha na Cigireachta

Sa tréimhse idir mhí Márta agus Meitheamh 2019, beidh 134 cuairteanna comhairleacha tugtha ag foireann chigirí, atá ag tacú leis an AOG, ar scoileanna atá páirteach sa *Scéim*. Tá na cuairteanna seo dírithe ar chomhairle ábhartha a sholáthar do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna faoi fheidhmiú an tumoideachais agus faoi na critéir teanga-bhunaithe chun an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a threisiú.

Tá samplaí de na láidreachtaí agus na dúshláin mar a tuairiscíodh ó chuirteanna comhairleacha na Cigireachta sa tréimhse Feabhra go Bealtaine 2019 ar fáil in **Aguisín 1**.

3. An Tionscadal Píolótach Ríomh-Mhoil:

Leanann an tAonad um Oideachas Gaeltachta ag obair go dlúth le H2 Learning chun an tionscadal digiteach Ríomh-Mhoil a mhaoirsiú agus a chur i bhfeidhm. I rith na scoilbhliana seo caite rinneadh clár píolótach le modúl 5 cheacht Idirbhliana ar líne don Fhisic; bhí 48 scoláire ó 6 iar-bhunscoil glacadóra i gContaetha na Gaillimhe, Dhún na nGall, Chiarraí, Chorcaigh agus Phort Láirge páirteach sa chlár píolótach seo. Sheol an tAire Joe McHugh TD an tionscadal i nGairmscoil Mhic Diarmada, Árann Mhór, Co. Dhún na nGall ar 1 Aibreán 2019.

Fuarthas iarratais ó 6 iar-bhunscoil don chúrsa Fisice Ardteistiméireachta ardleibhéal. Beidh 14 scoláire, ar an iomlán, páirteach sa chúrsa Fisice seo ó Mheán Fómhair 2019 go 2021. Tá conarthaí don chúrsa Fisice Ardteistiméireachta déanta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an 6 scoil ghlacadóra anois ina ndéantar cur síos ar na riachtanais don chéad tréimhse eile den tionscadal píolótach. Faoi láthair, táthar ag aithint ábhair idirghníomhacha oiriúnacha trí mheán na Gaeilge don chlár Fisice ardleibhéal i gcomhpháirt leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí don Teicneolaíocht agus le COGG.

Tá uasdátú ó H2 ar fáil in **Aguisín 2**.

4. Staidéar Taighde agus Meastóireachta:

Tá an tAonad um Oideachas Gaeltachta ag obair go dlúth leis an bhForas Taighde ar Oideachas (FTO) chun pleanáil do Staidéar Taighde agus Meastóireachta fadama faoin *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*. Déanfaidh an staidéar, a bheidh ag tarlú i gcomhpháirt leis an FTO agus leis an gCigireacht sa tréimhse idir 2019 agus 2022, meastóireacht ar fheidhmiú an tumoideachais agus ar thionchar na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta i scoileanna atá páirteach sa *Scéim*. Is é cuspóir an staidéir seo ná meastóireacht a dhéanamh ar a mhéid agus a shásaíonn scoileanna cuspóirí na *Scéime* agus an tslí ina sásaíonn siad na critéir teanga-bhunaithe chun aitheantas a ghnóthú mar scoil Ghaeltachta.

Tá litreacha eisithe chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna atá ag feidhmiú sa *Scéim*, chuig a mbord bainistíochta, agus chuig Boird Oideachais agus Oiliúna (más cuí) a dhéanann cur síos ar na chéad chéimeanna don staidéar taighde agus meastóireachta seo.

Chun tús a chur leis an obair, chuir an FTO ceistneoirí chuig príomhoidí agus múinteoirí na mbunscoileanna go léir atá páirteach sa *Scéim* ag deireadh mhí na Bealtaine.

Tá sonraí maidir leis an Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar fáil in **Aguisíní 3a, 3b agus 3c**.

5. Clár Oideachas Múinteoirí trí Mheán na Gaeilge:

Tionóladh cruinnithe den dá ghrúpa monatóireachta don B.Oid. trí mheán na Gaeilge agus don M.Oid. trí mheán na Gaeilge i mí Bealtaine 2019.

AGUISÍN 1:
Na Láidreachtaí agus na Dúshláin mar a tuairiscíodh
ó Chuariteanna Comhairleacha na Cigireachta

NA BUNSCOILEANNA atá ag feidhmiú sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

SAMPLÁI DE NA LÁIDREACHTAÍ I BHFEIDHMIÚ NA SCÉIME

mar a tuairiscíodh ó chuariteanna comhairleacha na Cigireachta (Feabhra go Bealtaine 2019)

Tuairiscíodh:

- go bhfuil an luaththumoideachas á chur i bhfeidhm agus an Ghaeilge labhartha i bhfad níos láidre ag na daltaí naíonán i gcomparáid le blianta roimhe seo
- go bhfuil iarrachtaí fóna á ndéanamh chun an Ghaeilge mar theanga cumarsáide na scoile a chur chun cinn ar bhonn scoile-uile
- go leagtar béim ar shaibhriú teanga i scoileanna áirithe go háirithe i measc na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimoirí le hinniúlacht mhaith sa teanga. Mar thoradh tá na daltaí níos muiníne agus iad ag labhairt Gaeilge
- go bhfuil obair an mhúinteora tacaíochta don Ghaeilge agus an chúntóra teanga ag cur go mór le cur i bhfeidhm na Scéime sna scoileanna
- go gcabhraíonn an comhtheagasc spriocdhírthe - go háirithe le cur i bhfeidhm na luathlitearthachta le deis a thabhairt do na foghlaimoirí an Ghaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh ar bhonn rialta i ngrúpaí beaga
- go n-úsáidtear na hacmhainní a ceannaíodh don *Scéim* go héifeachtach agus go bhfuil téacsleabhair, leabhair saothair, agus leabhair leabharlainne Gaeilge in úsáid. Baineann na foghlaimoirí sult as an éagsúlacht leabhar atá ar fáil dóibh
- go bhfuil cleachtas comhchoiteann cruthaithe i measc foirne chun modhanna múinte a phlé
- go bhfuil pleanáil chomhoibritheach ar siúl idir an múinteoirí ranga, an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge, an múinteoir tacaíochta foghlama agus an cúntóir teanga
- go bhfuil monatóireacht á déanamh ag príomhoidí ar dhul chun cinn na ndaltaí sa teanga agus go leor straitéisí measúnaithe á gcur i bhfeidhm
- go bhfuil Contanam na Tacaíochta á chur i bhfeidhm ar bhonn scoile-uile go hiomlán i nGaeilge i roinnt scoileanna
- go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil atá á fáil ag múinteoirí chun na spriocanna ó thaobh na Scéime a bhaint amach ag cothú cleachtas athmhachnamhach i measc múinteoirí
- go bhfuil daltaí níos rannpháirtí i gcomórtais áitiúla, mar shampla, an féile scoil drámaíochta; comórtais filíochta agus níos mó ócáidí sóisialta á n-eagrú i scoileanna do thuismitheoirí.

SAMPLÁI DE NA DÚSHLÁIN A BHAINNEAN LE FEIDHMIÚ NA SCÉIME I MBUNSCOILEANNA

mar a tuairiscíodh ó chuariteanna comhairleacha na Cigireachta (Feabhra go Bealtaine 2019)

Tuairiscíodh:

- go bhfuil dúshláin ag baint le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí sa Ghaeilge agus eolas bonnlíne a fháil ar chaighdeán na ndaltaí
- go bhfuil sé dúshlánach do scoileanna áirithe an dul chun cinn i gcur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta a mheas agus spriocanna feabhsúcháin athbhreithnithe a leagan amach
- go bhfuil dúshláin ag baint le freastal ar riachtanais teanga agus riachtanais speisialta oideachais na ndaltaí ar chumais éagsúla go háirithe in ilranganna agus in ionaid uathachais i suíomhanna tumoideachais
- go bhfuil sé deacair na daltaí a ghríosadh Gaeilge a labhairt sa chlós de bharr go n-iompaíonn siad ar an mBéarla go minic
- go bhfuil easpa cláir theagaisc (mar atá ar fáil i mBéarla) agus tástálacha oiriúnacha chun an cleachtas a threorú, mar shampla, neamhchinnteacht faoi conas éifeacht na n-idirghabhálacha atá i bhfeidhm a mheas
- go bhfuil laghdú ar líon na gcainteoirí dúchais sna scoileanna agus sna pobail áitiúla Gaeltachta, rud a laghdaíonn foinse na Gaeilge do na daltaí agus deiseanna úsáide taobh amuigh den scoil
- nach bhfuil naíonra áitiúil ann do dhaltaí réamhscoile i gceantair áirithe
- go bhfuil sé deacair ionadaithe a fháil le Gaeilge.

NA HIAR-BHUNSCOILEANNA atá ag feidhmiú sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

SAMPLAÍ DE NA LÁIDREACHTAÍ I BHFEIDHMIÚ NA SCÉIME

mar a tuairiscíodh ó chuartheanna comhairleacha na Cigireachta (Feabhra go Bealtaine 2019)

Tuairiscíodh:

- go bhfuil na foirne scoile ag dul i bhfeidhm ar mheon na scoláirí i leith na teanga: réimse leathan comórtais, ócáidí agus imeachtaí Gaeilge, fócas ar labhairt na teanga sa scoil, club Gaeilge ag an-chuid scoileanna
- go bhfuil foirne scoile níos airdeallaí faoi cheist na Gaeilge anois de bharr na Scéime – tuigtear in an-chuid scoileanna go mbaineann an cheist leis an bhfoireann iomlán – níl póstaer agus ábhair prionta i mBéarla á gcur in airde a thuilleadh, feasacht i bhfad níos fearr ag an bhfoireann faoi thábhacht na teanga
- go bhfuil athrú ag teacht go mall ach de réir a chéile ar iompar teanga na scoláirí (go háirithe sa chéad bhliain) agus i scoileanna áirithe tá ag éirí leo féin spreagadh a chothú i measc na scoláirí chun an Ghaeilge a labhairt. Tá scoileanna áirithe tar éis rial na Gaeilge a thabhairt isteach ar iarratas na scoláirí féin.
- go bhfuil feabhas ag teacht ar úsáid na Gaeilge sa seomra foirne agus i measc na múinteoirí
- go bhfuil múinteoirí nach bhfuil inniúil ar an nGaeilge á n-oiliúint agus á gcumasú de réir a chéile chun teagasc trí Ghaeilge i scoileanna áirithe
- go bhfuil uaireanta tacaíochta don Ghaeilge in úsáid chun tacú le foghlaimoirí ach tuiscint ag forbairt de réir a chéile i measc na múinteoirí agus na scoileanna go gcaithfear freastal freisin ar na gcainteoirí dúchais/cainteoirí cumasacha
- go bhfuil breis ábhar curaclaim á gcur ar fáil trí Ghaeilge i scoileanna áirithe
- go bhfuil trialacha cuimsitheacha deartha ag cuid de na scoileanna agus measúnú leanúnach á dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí thar na scoileanna teanga ar fad
- go bhfuil féiniúlacht Ghaeltachta agus mórtas cine á gcothú i measc na scoláirí
- go bhfuil plean feabhsúcháin á chur i bhfeidhm go córasach i gcuid de na scoileanna
- go bhfuil guth na scoláirí i leith na teanga á chur san áireamh agus an phleanáil á dearadh ag na múinteoirí
- go bhfuil ceannaireacht ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta ceangailte leis na postanna freagrachta agus croífoireann scoile ag obair ar an gcur i bhfeidhm.

SAMPLAÍ DE NA DÚSHLÁIN A BHAINNEANN LE FEIDHMIÚ NA SCÉIME IN IAR-BHUNSCOILEANNA

mar a tuairiscíodh ó chuartheanna comhairleacha na Cigireachta (Feabhra go Bealtaine 2019)

Tuairiscíodh

- nach bhfuil fáil ar mhúinteoirí Gaeilge ná ar mhúinteoirí le hinniúlacht mhaith sa teanga chun ábhair eile a mhúineadh trí Ghaeilge agus go bhfuil sé deacair múinteoirí a chumasú taobh istigh de thréimhse ghearr
- go bhfuil an Ghaeilge mar theanga an tsóisialaithe ina dúshlán an-mhór do scoláirí - tá sé deacair orthu an teanga a labhairt ina measc féin gan treoir an-chinnte agus rialacha ina leith
- nach bhfuil buntáistí an dátheangachais agus an oideachais Gaeltachta á scaipeadh i measc an phobail ar bhealach córasach cuimsitheach
- go bhfuil sé deacair freastal ar riachtanais scoláirí le deacrachtaí foghlama agus deacrachtaí teanga
- go bhfuil easpa spéise agus tuisceana i measc na dtuismitheoirí ar luach an tumoideachais agus go bhfuil sé deacair iad a ghríosadh tacaíocht a thabhairt dá bpáistí i gceantair Ghaeltachta áirithe.

AGUISÍN 2: Uasdátú ar an Tionscadal Ríomh-Mhol Gaeltachta

- **An chéim réamh-phiólótach den tionscadal ríomh-Mhol Fisice sa tSraith Shinsearach in iar-bhunscoileanna Gaeltachta**
 - Modúl Fisice do scoláirí na hIdirbhliana a bhí ann
 - 5 seachtaine a mhair sé (Feabhra – Márta 2019)
 - D'éirigh go han-mhaith leis
 - Bhí na scoláirí a ghlac páirt an-dearfach faoin taithí a bhí acu ar an mbealach nua foghlama - ardú croí a bhí san aiseolas seo
 - 6 iar-bhunscoil a bhí páirteach
 - Port Láirge (x 1); Corcaigh (x 1); Gaillimh (x 3); Dún na nGall (x 1)
 - 46 scoláire a bhí páirteach
 - 3 rang Fisice in aghaidh na seachtaine ar feadh 5 seachtaine
 - Beirt ríomh-mhúinteoirí Fisice ó iar-bhunscoileanna Gaeltachta i mbun an tionscadail, roinn siad an teagasc eatarthu
 - Múinteoir amháin (Mata riachtanach) i láthair sna ceachtanna leis na scoláirí ina scoileanna féin ag cuidiú le hobair chomhoibríoch a chur ar siúl i measc na scoláirí.

- **An chéim phiólótach den tionscadal ríomh-Mhol Fisice sa tSraith Shinsearach in iar-bhunscoileanna Gaeltachta**
 - Cúrsa Fisice na hArdteistiméireachta a bheidh ann
 - 2 scoilbhliain a mhairfidh an tionscadal: 2019-20 agus 2020-21
 - Sheol an tAire Joe McHugh T.D. an tionscadal go hoifigiúil ar 1 Aibreán nuair a ghlac sé páirt i gceacht samplach ar líne le linn dó cuairt a thabhairt ar Ghairmscoil Mhic Diarmada, Oileán Árann Mhór, Co Dhún na nGall an lá sin
 - 6 iar-bhunscoil a chuir isteach air
 - Corcaigh (x 1); Gaillimh (x 2); Dún na nGall (x 2); An Mhí (x 1)
 - Socruithe á ndéanamh faoi láthair leis na scoileanna sin
 - Bronnfar deontas airgid ón Aonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna ar na scoileanna chun liosta ábhar teicneolaíochta a cheannach
 - Forbairt ghairmiúil leanúnach á cur ar an mbeirt r-Mhúinteoirí faoi láthair le múinteoirí san Astráil a bhfuil cleachtadh acu le fada ar an gcianfhoghlaim
 - Cruinnithe á reáchtáil (Bealtaine 2019) ag H2 le príomhoidí, r-Mheantóirí agus scoláirí sna scoileanna a bheidh rannpháirteach sa chéim phiólótach lena chinntiú go mbeifear lánnullamh le tosú ó thús na scoilbhliana 2019/20
 - Beidh bainistiú an tionscadail faoi chúram an chomhlachta comhairleoireachta oideachais **H2 Learning** a ceapadh i ndiaidh phróiseas tairisceana
 - Táthar ag súil go mór le tús a chur leis an tionscadal i bhFómhar 2019.

AGUISÍN 3A:
An Staidéar Taighde agus Meastóireachta:
Plean do na Cás Staidéir i 2019

- Cás Staidéir - 19 (12 bunscoil (BS) & 7 iar-bhunscoil (IBS))
- Bealtaine/Meitheamh – **Fógra chuig na scoileanna (tástáil phiolótach)** 2 BS & 1 IBS
- Oiliúint do chigirí (Iúil 2019)
- Mí Mheán Fómhair - **Fógra chuig scoileanna eile atá páirteach sa chás staidéar** (10 BS & 6 IBS)
- Meán Fómhair Píolótú – 2 BS & 1 IBS
- Cás staidéir eile (10 BS & 6 IBS) – Deireadh Fómhair go Nollaig 2019
- Do gach cás staidéar beidh:
 - tuairisc á soláthar ag an gCigireacht faoi na teidil éagsúla
 - tuairisc á soláthar ag FTO faoi na dearcthaí, gnóhachtáil na ndaltaí/scoláirí, na láidreachtaí agus na dúshláin i gcur i bhfeidhm na Scéime (príomhoidí; múinteoirí; múinteoirí oideachais speisialta; múinteoirí tacaíochta don Ghaeilge)
 - tuairisc á soláthar ag an scoil - féinmhachnamh na scoile ar na gnéithe is fearr den tumoideachas atá curtha i bhfeidhm agus na dúshláin is mó atá le sárú
 - tuairisc dheireanacha le haontú ag AOG i gcomhar le FTO agus an Chigireacht (dearbhu na fíricí leis na scoileanna san áireamh)
- Ní bheidh na tuairiscí ar scoileanna aonair á bhfoilsíú.
- Earrach 2020: Tuairisc ilchodach eatramhach á soláthar ar na cás staidéir
 - FTO i gcomhair le AOG/cigirí

Fráma Ama	Gníomhaíocht (FTO)	Suíomh	
Bealtaine 2019	Ceistneoirí (post) ¹ - POí & múinteoirí bunscoile	Gach bunscoil sa Scéim	
Deireadh Mheán Fómhair 2019	Ceistneoirí (ar líne/post) - POí & múinteoirí iar-bhunscoile	Gach iar-bhunscoil sa Scéim	
Deireadh Mheán Fómhair 2019	Ceistneoirí daltaí – rang 1 & rang 6	Na bunscoileanna sa chás staidéar	
Deireadh Mheán Fómhair 2019	Ceistneoirí scoláirí – Bliain 1 & Bliain 3	Na hiar-bhunscoileanna sa chás staidéar	
Tús Dheireadh Fómhair 2019	Ceistneoirí tuismitheoirí - R1 & 6	Na bunscoileanna sa chás staidéar	
Tús Dheireadh Fómhair 2019	Ceistneoirí tuismitheoirí – Bl 3	Na hiar-bhunscoileanna sa chás staidéar	
Deireadh Fómhair/Nollaig 2019	Fócasghrúpaí le múinteoirí	Na bunscoileanna sa chás staidéar	
Deireadh Fómhair/Nollaig 2019	Fócasghrúpaí le múinteoirí	Na hiar-bhunscoileanna sa chás staidéar	
Deireadh Fómhair/Nollaig 2019	Fócasghrúpaí le tuismitheoirí (Cás staidéir)	Na bunscoileanna sa chás staidéar	
Deireadh Fómhair/Nollaig 2019	Fócasghrúpaí le tuismitheoirí	Na hiar-bhunscoileanna sa chás staidéar	
Deireadh Fómhair/Nollaig 2019	Fócasghrúpaí leis an bpobal scoile	Na bunscoileanna sa chás staidéar	Na hiar-bhunscoileanna sa chás staidéar

¹ Ar líne an chéad uair eile

Meán Fómhair 2019	Anailís ar thorthaí na trialacha caighdeánaithe - Léamh Ghaeilge; Léamh Bhéarla, Matamaitic (ranganna 2, 4, 6) gach scoil	Na bunscoileanna sa chás staidéar
Deireadh Fómhair 2019	Anailís ar thorthaí scrúduithe Stáit (Teastas Sóisearach & Ardteistiméireacht) Na hábhair uilig - gach scoil	Na hiar-bhunscoileanna sa chás staidéar
Deireadh Fómhair 2019	Trialacha luathlitearthachta (rang a haon) – píolótú	Na bunscoileanna sa chás staidéar
Deireadh Fómhair 2019	Trialacha éisteachta & labhartha (rang 1 don pháilótú agus naí shóis ina dhiaidh sin)	Na bunscoileanna sa chás staidéar
Deireadh Fómhair 2019	Trialacha ITÉ Píolótú (rang 6)	Na bunscoileanna sa chás staidéar
Deireadh Mheán Fómhair 2019	Trialacha léitheoireachta ar líne (BI 3)	Na hiar-bhunscoileanna sa chás staidéar
Deireadh Mheán Fómhair 2019	Trialacha éisteachta & labhairt (TEG) (BI 3)	Na hiar-bhunscoileanna sa chás staidéar

An Chigireacht - Clár Ama na Meastóireachta

Dátaí	Meastóireacht	Líon scoileanna
Méan Fómhair 2019	Clár píolótach meastóireachta	2 bunscoil 1 iar-bhunscoil
Deireadh Fómhair – Nollaig 2019	Meastóireacht ar scoileanna sa chás-staidéar	10 mbunscoil 6 iar-bhunscoil

AGUISÍN 3B: **An Staidéar Taighde agus Meastóireachta:**

TEIMPLÉAD NA TUAIRISCE DO NA CHÁS-STADÉIR

Réamhrá

- Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta
- Cuspóir agus cur chuige an staidéir taighde agus na meastóireachta
- Comhthéacs na scoile

1. Úsáid na Gaeilge

- Polasaí reatha na scoile maidir le húsáid na Gaeilge
- Úsáid na Gaeilge:
 - Teanga an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe
 - Teanga na cumarsáide agus na hidirghníomhaíochta i measc na ndaltaí/scoláirí
 - Teanga na cumarsáide i measc na foirne
 - Teanga an tsóisialaithe i measc na ndaltaí/scoláirí
 - Teanga ghnó an bhoird bhainistíochta
 - Teanga na ngníomhaíochtaí comhchuraclaim, seach churaclaim
 - Teanga na cumarsáide ag coiste na dtuismitheoirí
 - Teanga na cumarsáide le pobal na scoile.

2. An teagasc trí Ghaeilge

- Éifeacht an teagaisc trí Ghaeilge i gcleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí
- Úsáid na n-acmhainní/teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim
- Éifeacht an tsoláthair idirdhealaithe do dhaltaí/scoláirí ar chumas éagsúil
- Éifeacht an mheasúnaithe chun tacú le foghlaim trí Ghaeilge.

3. An fhoghlaim trí Ghaeilge

- Eispéireas foghlama na ndaltaí/scoláirí sa suíomh tumoideachais
 - Spreagthacht, freagracht agus úinéireacht na ndaltaí/scoláirí i leith na foghlama
 - Forbairt scileanna na ndaltaí don fhoghlaim fadsaoil
 - Tuiscint na ndaltaí/scoláirí ar fheasacht chultúir agus teanga
- Dearcadh na ndaltaí/scoláirí i leith úsáid na Gaeilge
- Torthaí foghlama na ndaltaí/scoláirí sa Ghaeilge agus sna hábhair éagsúla trí Ghaeilge
- Cumasú na ndaltaí/scoláirí don fhoghlaim agus don idirghníomhaíocht chumarsáideach trí mheán na Gaeilge
- Cur chun cinn na folláine i measc na ndaltaí/scoláirí sa suíomh tumoideachais.

4. An ceannaireacht agus an bhainistíocht i bhfeidhmiú an tumoideachais

- Fís na scoile i leith fheidhmiú an tumoideachais
- Ceannaireacht ar fhorbairt pholasaí, ar ghníomhphleanáil agus ar fheidhmiú an phlean gníomhaíochta scoile don oideachas trí Ghaeilge
- Polasaí agus cuir chuige na scoile maidir le hearcú, imlonnú agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí i leith fheidhmiú an tumoideachais
- Bainistiú éifeachtach na dtacaíochtaí don Scéim.

5. Comhpháirtíocht le pobal na scoile agus páirtithe eile i bhfeidhmiú na Scéime

- Éifeacht na comhpháirtíochta le pobal na scoile agus leis an bpobail áitiúil
- Éifeacht agus tairbhe na nasc leis na suíomhanna oideachais a fheidhmíonn trí Ghaeilge
- Éifeacht na hidirghabhála leis na heagraíochtaí Gaeilge/cultúrtha áitiúla agus náisiúnta.

6. Féinmhachnamh na scoile

- Na gnéithe is fearr den tumoideachas atá curtha i gcrích
- Na dúshláin is mó atá le sárú

AGUISÍN 3C:

An Staidéar Taighde agus Meastóireachta – Dréacht-Plean Trí Bliana Téamaí Meastóireachta – Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

1. Conas mar atá úsáid na Gaeilge i measc múinteoirí, daltaí/scoláirí agus tuismitheoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?					
Critéir theanga-bhunaithe don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta				BL	IBL
Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile.					
Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta.				√	√
FTO	Uirlisí	Cigireacht	Uirlisí	Bliain	
<ul style="list-style-type: none"> • Labhairt na Gaeilge i measc na ndaltaí – Minicíocht, Dearcthaí, Deacrachtaí (sa rang, sa chlós, taobh amuigh den scoil) • Labhairt na Gaeilge i measc na foirne • Athruithe maidir le labhairt na Gaeilge ó thús na Scéime • Dearcthaí na múinteoirí i leith riaradh na Scéime sa rang (ag déileáil le difríochtaí i gcumais labhartha na bpáistí; ionchais na dtuismitheoirí; tacaíocht ó phobal na scoile) • Labhairt na Gaeilge sa bhaile (daltaí, tuismitheoirí) • Dearcthaí na dtuismitheoirí i leith oideachas a sholáthair trí Ghaeilge, úsáid na Gaeilge sa bhaile srl. • An t-aistriú ón bhunscoil go dtí an iar-bhunscoil • Gaeilge mar ábhar sna h-iar-bhunscoileanna • Gaeilge sna hábhair eile agus sna scrúduithe Stáit • Dearcthaí na scoláirí i leith ábhair eile a dhéanamh trí Ghaeilge • Úsáid na Gaeilge i measc scoláirí taobh amuigh den rang (m.sh. spórt, imeachtaí cultúrtha) 	<ul style="list-style-type: none"> • Ceistneoirí (daltaí I & VI, 10/19 CS; II & IV/ 5-6/21 & VI 5-6/20) • Ceistneoirí Daltaí (BI 1 10/19 CS; BI 2 04/20 uilig; BI 2 04/21 uilig; BI 6 10/20 uilig) • Ceistneoirí (Tuismitheoirí) R 1 & 6, 10/19 CS; BI 3/ 10/19 CS; BI 6 10/20 gach scoil; Nai. Shin & R6, 6 10/20) • Ceistneoirí – Príomhoidí – gach scoil POí – BSc 05/19, 05/20, 05/21; Iar-Bh 10/19, 10/20, 10/21 • Ceistneoirí *- Múinteoirí – gach scoil Bunsc. 5-6/19; 5-6/20, 5-6/21; Iar-Bh. 10/19, 10/20, 10/21 • Fócasghrúpaí le múinteoirí – BSc (11/19); Iar-Bh 11/19) • Fócasghrúpaí le tuismitheoirí – BSc & Iar-BhSc (11/19) 	<ul style="list-style-type: none"> • Polasaí reatha na scoile maidir le húsáid na Gaeilge • Úsáid na Gaeilge <ul style="list-style-type: none"> 1..1 mar theanga an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe 1..2 i measc na foirne 1..3 i measc na ndaltaí 1..4 mar theanga an tsóisialaithe 1..5 mar theanga an bhoird bhainistíochta, coiste na dtuismitheoirí 1..6 mar theanga na ngníomhaíochtaí comhchuraclaim, seach churaclaim • Úsáid na Gaeilge <ul style="list-style-type: none"> 1..7 le pobal na scoile 1..8 le cuairteoirí chun na scoile 	<ul style="list-style-type: none"> • Imscrúdú pholasaí scoile don Ghaeilge • Breathnóireacht ceachta • Siúlóidí foghlama • Siúlóidí scoile • Agallamh le bainistíocht • Breathnóireacht chomhfhreagras scoile • Fócasghrúpa le daltaí/scoláirí 		

*Múinteoirí ranga, múinteoirí oideachais speisialta, múinteoirí tacaíochta don Ghaeilge, múinteoirí ábhair

2. Cad í cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa tumoideachas i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?					
Critéir theanga-bhunaithe don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta				BL	IBL
Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn.				√	
Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge.				√	√
Eispéiris oideachais ardchaighdeán trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge ² chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge.				√	√
Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 i gCuraclam Teanga na Bunscoile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge.				√	
An tSonraíocht T1 don Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach.					√
Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla.				√	√
FTO	Uirlis agus tréimhse ama	Cigireacht	Uirlis	Bliain	
<ul style="list-style-type: none"> • Caighdeán na naíonán shóisearacha sa luathlitearthacht sa Ghaeilge a aimsiú (laigí, láidreachtaí) • Caighdeán na ndaltaí sna Naíonán Shóisearacha, Ranganna 2, 4 agus 6 sa Ghaeilge labhartha (éisteacht agus labhairt) a aimsiú • Gnéithe áirithe den teanga labhartha a mheasúnú – réimse foclóra, líofacht teanga, graiméar, deilbheolaíocht, comhréir) • Dul chun cinn sa léitheoireacht Ghaeilge o bhliain go bliain a mheas; 	<ul style="list-style-type: none"> • Trialacha Luathlitearthachta (naíonán shóisearach 05/20)-píolótú i Rang a hAon (10/19) • Trialacha éisteachta & labhartha (naí shóis, 05/20) píolótú 10/19) • Trialacha léitheoireachta ar líne (BI 3 10/19 CS; 2 bliain 04/20, 04/21 scoileanna uile)) • Trialacha éisteachta & labhairt (TEG) (3ú bhliain (10/19 CS agus 10/21 CS) 	<p>Cáilíocht na foghlama trí Ghaeilge</p> <ul style="list-style-type: none"> • Eispéireas foghlama na ndaltaí/scoláirí sa chóras tumoideachais <ul style="list-style-type: none"> ○ Tuiscint na ndaltaí/scoláirí ar fheasacht chultúir agus teanga ○ Spreagthacht, freagracht agus úinéireacht na bhfoghlaimeoirí d'fhoghlaim na Gaeilge fadsaoil • Torthaí foghlama na ndaltaí/scoláirí sna hábhair éagsúla • Cumasú na ndaltaí/scoláirí don idirghníomhaíocht chumarsáideach agus don fhoghlaim trí mheán an dara teanga 	<ul style="list-style-type: none"> • Breathnóireacht ceachtanna sna seomraí ranga agus sna seomraí tacaíochta • Fócasghrúpa scoláirí 		

² Sainmhínítear cainteoirí dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge ina labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/í. (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, lch 11)

<ul style="list-style-type: none"> • Dáileadh na scór sna trialacha caighdeánaithe agus sna scrúduithe Stáit o bhliain go bliain a mheas (Gaeilge, Mata, Béarla, ábhair eile) 	<ul style="list-style-type: none"> • Trialacha ITÉ Píolótú R6 10/19 CS; R6 5/20 sampla de scoileanna) • Trialacha ITÉ Píolótú R2 & R4 – 10/20; cuir I bhfeidhm R 2 & R 4 05/21) • Torthaí scrúduithe caighdeánaithe a lorg - Léamh Ghaeilge; Léamh Bhéarla, mata (ranganna 2, 4, 6) (2019, 20, 21) • Torthaí scrúduithe Stáit (Teastas Sóisearach & Ardteistiméireacht) Na hábhair uile (2019, 20, 21) 	<ul style="list-style-type: none"> • Úsáid na foghlama digiteach chun tacú le eispéireas foghlama na scoláirí trí mheán na Gaeilge • Cur chun cinn na folláine i measc na ndaltaí/scoláirí sa suíomh tumoideachais 		
<ul style="list-style-type: none"> • Straitéisí na múinteoirí chun an Ghaeilge a mhúineadh (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna) • Straitéisí na scoláirí sna h-iar-bhunscoileanna i leith na n-ábhar éagsúla a fhoghlaim trí Ghaeilge • Dearcthaí na bpríomhoidí agus na múinteoirí i leith an tumoideachais sa seomra ranga • Dearcthaí na bpríomhoidí agus na múinteoirí i leith an churaclaim / siollabais don Ghaeilge a chur i bhfeidhm (c.f., Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí, 2017) 	<ul style="list-style-type: none"> • Ceistneoirí agus Fócasghrúpaí le múinteoirí & tuismitheoirí– féach thuas 	<p>Cáilíocht an teagaisc trí Ghaeilge</p> <ul style="list-style-type: none"> • Éifeacht an teagaisc trí Ghaeilge i gcleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí, úsáid na n-acmhainní san áireamh • Éifeacht na tacaíochta don Ghaeilge do dhaltaí/scoláirí ar chumas éagsúil • Measúnú na foghlama trí Ghaeilge 		

3. Cé chomh mór agus atá **athrú tagtha ar an meán teagasc ó Bhéarla go Gaeilge** i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach?

Critéir theanga-bhunaithe don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta		BL	IBL
Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn.		√	
Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge.		√	√
Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla.		√	√
Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seachchuraclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge.		√	√
FTO	Uirlis	Cigireacht	Uirlis
<ul style="list-style-type: none"> • Acmhainní Gaeilge á n-úsáid ag múinteoirí • Clár lántumtha á chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán – dul chun cinn, difríochtaí agus athruithe ó bhliain go bliain. • Clár lántumtha a chur i bhfeidhm sna bunscoileanna (Ranganna I to IV) agus sna h-iar-bhunscoileanna (Gach rang leibhéal, gach ábhar) - dul chun cinn, difríochtaí agus athruithe ó bhliain go bliain; pleanáil. • Úsáid na Gaeilge i ngníomhaíochtaí comh-churaclaim agus seach-churaclaim - dul chun cinn, difríochtaí agus athruithe ó bhliain go bliain m.sh. in imeachtaí spóirt, imeachtaí cultúrtha srl). 	<ul style="list-style-type: none"> • Ceistneoirí agus Fócasghrúpaí – féach thuas 	<ul style="list-style-type: none"> • Aidhm, polasaí agus pleanáil na scoile maidir le meán an teagaisc sa scoil • an meán teagaisc sa scoil roimh thús na Scéime i gcomparáid le meán an teagaisc ag am na meastóireachta – ábhair, ranganna, luaththumadh • tuiscint na múinteoirí ar an tumoideachas • uas-scileadh agus oiliúint ghairmiúil na foirne do mhúineadh trí mheán na Gaeilge 	<ul style="list-style-type: none"> • Breathnóireacht ceachtanna sna seomraí ranga agus sna seomraí tacaíochta • Fócasghrúpaí/agallaimh éagsúla <p>Imscrúdú pleanála</p>

4. Conas mar a thacaíonn naisc scoile leis an bpobal le húsáid na Gaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá páirteach? (FTO go príomha)				
Critéir theanga-bhunaithe don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta			BL	IBL
Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (naíonraí).			√	√
Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le hiar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge.			√	√
FTO	Uirlis	Cigireacht	Uirlis	
<ul style="list-style-type: none"> Gníomhaíochtaí a bhaineann le naisc idir na suíomhanna luathoideachais agus na bunscoileanna agus naisc idir iar-bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge Athruithe ó bhliain go bliain sna naisc seo. Gníomhaíochtaí a bhaineann le naisc a chothú idir pobal na scoile agus an pobal áitiúil (tuismitheoirí, an coiste pleanála teanga, eagraíochtaí Gaeilge/cultúrtha áitiúla agus náisiúnta) Aistriú ón luathoideachas (naíonraí san áireamh) go dtí an bhunscoil, ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil; ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach (tuairimí na ndaltaí, na múinteoirí, na dtuismitheoirí); Dearcthaí an phobail faoin <i>Scéim</i> 	<ul style="list-style-type: none"> Ceistneoirí agus Fócasghrúpaí le múinteoirí agus tuismitheoirí – féach thuas Fócasghrúpaí leis an bPobal (02/21) 	<ul style="list-style-type: none"> Éifeachtacht agus tairbhe na nasc idir na suíomhanna luathoideachais agus na bunscoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge Éifeachtacht agus tairbhe na nasc le hiar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Éifeachtacht na comhpháirtíochta le pobal na scoile agus leis an bpobail áitiúil: <ul style="list-style-type: none"> Tuismitheoirí na scoile An coiste pleanála teanga Eagraíochtaí Gaeilge/cultúrtha áitiúla agus náisiúnta 	<ul style="list-style-type: none"> Agallaimh leis an mbainistíocht in-scoile Agallaimh leis an gcathaoirleach 	

5. Cad iad dearccháí daltaí/scoláirí, príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí i leith na Gaeilge? (FTO go príomha)				
Critéir theanga-bhunaithe don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta			BL	IBL
Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 i gCuraclam Teanga na Bunscoile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge.			√	
An tSonraíocht T1 don Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach.				√
Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seachchuraclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge.			√	√
Gach iarracht foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta.			√	√
FTO	Uirlis	Cigireacht	Uirlis	
<ul style="list-style-type: none"> • Dearccháí daltaí/scoláirí, i leith na Gaeilge agus múineadh na Gaeilge (curaclam téacsleabhair, modhanna múinte, trialacha/scrúduithe) • Dearccháí daltaí bunscoile i leith Gaeilge a úsáid san iar-bhunscoil • Dearccháí na bpríomhoidí/múinteoirí i leith an churaclaim/siollabais don Ghaeilge • Dearccháí na bpríomhoidí/múinteoirí i leith áiseanna / tacaíochtaí atá ar fáil. • Dearccháí na bpríomhoidí i leith foireann teagaisc agus foireann choimhdeach atá líofa sa Ghaeilge a earcú; athruithe i rith na Scéime 	<ul style="list-style-type: none"> • Ceistneoirí agus Fócasghrúpaí le múinteoirí agus tuismitheoirí – féach thuas 	Dearccháí daltaí/scoláirí , i leith na Gaeilge	Fócasghrúpa scoláirí	
		Dearccháí príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí i leith na Gaeilge	Agallamh leis an bpríomhoide/bainistíocht shinsearach	
		Dearccháí múinteoirí i leith na Gaeilge	Agallamh le múinteoir(i) ranga	
		Dearccháí daltaí/scoláirí, príomhoidí, múinteoirí agus tuismitheoirí i leith na Gaeilge	Agallamh le cathaoirleach an bhoird bhainistíochta	

6. Cad í cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta i leith fheidhmiú na gcritéar teanga-bhunaithe don tumoideachas?				
Critéir theanga-bhunaithe don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta			BL	IBL
Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile-uile a fhorbairt: <ul style="list-style-type: none"> a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagasc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta) 			√	
Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS).			√	√
Gach iarracht foireann teagasc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic theanga agus chultúrtha na Gaeltachta.			√	√
FTO	Uirlis	Cigireacht	Uirlis	
(Is an ROS a bheidh ag bailiú sonraí i gcomhthéacs an téama seo).		<ul style="list-style-type: none"> Fís na scoile i leith fheidhmiú an tumoideachais Ceannaireacht ar ghníomhphleanáil agus ar fheidhmiú an phlean gníomhaíochta Polasaí agus cuir chuige scoile maidir le hearcú, imlonnú múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach Úsáid na Gaeilge ag leibhéal an bhoird bainistíochta agus ag coiste na dtuismitheoirí 	<ul style="list-style-type: none"> Cur chuige meastóireachta Imscrúdú ar an bplean gníomhaíochta agus na tuairiscí dul chun cinn Fócasghrúpa leis an ngrúpa bainistíochta sinsearaigh, PO san áireamh 	

1. Cad iad na gnéithe den Scéim Aitheantas Scoileanna Gaeltachta is éifeachtaí maidir leis an tumoideachas a chur i bhfeidhm sna scoileanna atá páirteach? (An Chigireacht go príomha)			
FTO	Uirlis	Cigireacht	Uirlis
Aithneofar na gnéithe seo ar bhonn leanúnach i rith na meastóireachta.	—	—	— —